

08/10/20

Dear Student,

I hope you are keeping well and managing to participate fully in your course using online means. It is a learning experience for us all and lecturers will appreciate any feedback you can give us in relation to your experience of learning online this semester so far. We have been asked to keep to the 45 minutes allocated to each class and this is something we are endeavouring to do so that you get regular breaks from looking into a screen.

Modules Continuing Online

As you know, we had hoped to be able to offer at least half your modules face-to-face this semester. To date, however, due to public health and Government requirements, this has proved more difficult than we thought.

In light of the latest government advice, it has been decided that all teaching at MIE will remain online until Friday 23 October (the Friday before Reading Week). The situation will remain under review and I shall contact you again around that time to let you know if face-to-face classes can proceed or if online classes will continue after the reading week.

Library and Study Spaces

The library will remain open at this time, offering services such as *Scan and Send* (<https://forms.gle/m5KXpDUMQ1rZ9YxQ6>) and the opportunity to book a study space: <https://mie-ie.libcal.com/r>.

Some additional study spaces may also be available around the campus for students who need space or internet access. To find out more about these, please contact Louise Condon in the Registrar's Office (access@mie.ie).

Campus Accommodation

This section of the mail is for students residing on campus.

MIE wishes to assure all on-campus residents that, despite the temporary move to online learning, we are committed to keeping the on-campus student accommodation open. You can continue to access classes via the high-speed broadband from your room and benefit from collaboration by working in study groups with your housemates. We want to ensure that you have the best possible learning and personal development experience, despite the current situation.

We understand some residents have expressed an interest in returning home. Before making a decision about this, we urge you to consider all the factors relevant to you (such as

availability of a suitable quiet study space, internet connection at home, etc.) and having regard to Government guidelines, such as travel restrictions. We cannot advise you in this regard.

In the event that you wish to vacate your room, we are offering you the following options:

1. You may elect to suspend your licence agreement until Semester 2 or until face-to-face teaching resumes in Semester 1, whichever is earliest. Credit, in lieu of a refund, will be given from when you suspend your licence agreement, until it resumes. You may leave your belongings in your room if you wish and your room will be guaranteed for your return in Semester 2, or before depending on when face-to-face classes resume. You will be required to return your room keys while your licence is suspended and you will not have access to the accommodation. If you wish to choose this option, please email Eber at mie@eber.life to let them know from what date you wish to suspend your licence agreement.
2. If you wish to give up your room entirely, we will release you from your licence agreement. You will be refunded any prepaid rent for the unexpired period of your licence, from date of check-out. You will be required to remove all your belongings from the accommodation on check-out.

If you wish to apply for either of the above, please email Eber at mie@eber.life indicating which option you choose, and to arrange a 'suspend date' or 'check-out' date.

Finally, please be patient with Eber, and understand that processing of refunds will take some time, as they may present a considerable administrative task depending on the volume of requests.

Student Supports

Although this year is turning out differently to what any of us expected, please know that the staff of MIE is working hard to provide the best experience we can for you under the current circumstances. You can still avail of the Counselling Service (https://www.tcd.ie/Student_Counselling/), the Medical service (<http://dublinfamilydoctor.com/>) and the Disability Service (contact Louise at access@mie.ie).

Our Student Engagement Officer will be in touch with you about various online activities. Watch out for details of these and other activities, including Maths Week (10 to 18 October), which will also take place remotely.

Le dea-ghuí,

Seán

08/10/20

A mhic léinn, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú ag coinneáil go maith agus go bhfuil ag éirí leat páirt iomlán a ghlacadh i do chúrsa trí dhul ar líne. Is taithí foghlama í dúinn go léir agus cuirfidh léachtóirí fáilte roimh aon aischothú a chuirfidh sibh ar fáil maidir le do thaithí-se ar fhoghlaim ar líne de sa seimeastar seo go dtí seo. Tá iarrtha orainn cloí leis an 45 nóiméad do gach léacht agus sin rud atáimid ag iarraidh a dhéanamh ionas go mbeidh sosanna rialta agaibh ó bheith ag féachaint isteach i scáileán.

Modúil ag Leanúint ar Líne

Mar is eol duit, bhí súil againn go mbeimis in ann leath de bhur gcuid modúl ar a laghad a thairiscint aghaidh ar aghaidh sa seimeastar seo. Go dtí seo, áfach, mar gheall ar riachtanais shláinte phoiblí agus an rialtais, bhí sé sin níos deacra ná mar a shíleamar.

I bhfianaise na comhairle is deireanaí ón Rialtas, tá cinneadh déanta go bhfanfaidh leachtaí go léir ar líne go dtí an Aoine, 23 Deireadh Fómhair (an Aoine roimh an tSeachtain Léitheoireachta). Beidh athbhreithniú á dhéanamh ar an staid ar bhonn leanúnach agus beidh mé i dteagmháil leat timpeall an ama sin chun a rá leat an féidir leachtaí aghaidh ar aghaidh a bheith ann nó an leanfar le leachtaí ar líne tar éis na Seachtaine Léitheoireachta.

An Leabharlann agus Spásanna Staidéir

Fanfaidh an Leabharlann ar oscailt ag an am seo, ag tairiscint seirbhísí mar “Scan agus Seol” (“Scan and Send”) (<https://forms.gle/m5KXpDUMQ1rZ9YxQ6>) agus an deis spás staidéir a chur in áirithe: <https://mie-ie.libcal.com/r>.

D’fhéadfadh spásanna breise staidéir a bheith ar fáil timpeall an champais do mhic léinn a bhfuil spás uathu nó rochtain idirlín. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi sin, déan teagmháil le Louise Condon (access@mie.ie) in Oifig an Chláraitheora.

Lóistín ar an gCampas

Baineann an chuid seo a leanas den ríomhphost le mic léinn a chónaíonn ar an gcampas: Is mian le hIOM a dheimhniú do gach duine atá ag fanacht in árasáin an champais go bhfuil an Institiúid tiomanta d’árasáin IOM a choinneáil ar oscailt in ainneoin go bhfuil leachtaí á dtabhairt ar líne go sealadach. Is féidir leat leanúint ort rochtain a bheith agat ar leathanbhanda ard-luais agus tairbhe a bhaint as comhoibriú trí bheith ag staidéar i ngrúpaí staidéir le daoine eile atá ag fanacht sna hárasáin. Teastaíonn uainn a chinntiú go mbeidh an taithí foghlama agus an taithí phearsanta forbartha is fearr agat, in ainneoin na staide atá againn faoi láthair.

Tuigimid go bhfuil spéis curtha in iúl ag roinnt de na daoine atá ag fanacht ar an gcampas filleadh abhaile. Sula ndéanann tú cinneadh mar sin, iarraidimid ort na rudaí go léir a bhaineann leatsa a chur san áireamh (an rochtain atá agat ar spás oiriúnach staidéir, rochtain idirlín sa bhaile agus araile) agus aird a thabhairt ar threoirínte an Rialtais, mar shampla, treoirínte a bhaineann le taisteal. Ní féidir linn comhairle a chur ort maidir leis sin. Sa chás gur mian leat do sheomra a fhágáil, tá an dá rogha seo a leanas á dtabhairt againn duit:

3. Is féidir leat a roghnú d'aontú ceadúnais a chur ar fionraí go dtí Seimeastar 2 nó go dtí go n-atosáíonn teagasc aghaidh ar aghaidh i Seimeastar 1, cibé acu is túsce. Creidmheas in áit aisíoca a thabharfar ón am a chuireann tú d'aontú ceadúnais ar fionraí, go dtí go n-atosáíonn sé. Is féidir leat do chuid giuirléidí a fhágáil i do sheomra más mian leat agus cinnteofar go mbeidh do sheomra ar fáil duit nuair a fhillfidh tú i Seimeastar 2, nó roimhe sin ag brath ar an am ina n-atosáíonn léachtaí aghaidh ar aghaidh. Beidh ort d'eochracha seomra a thabhairt ar ais le linn de do cheadúnas a bheith ar fionraí agus ní bheidh rochtain agat ar an lóistín. Más mian leat an rogha seo a thógáil, cuir ríomhphost le do thoil chuig Eber ag mie@eber.life chun iad a chur ar an eolas faoin dáta óna bhfuil tú ag iarraidh d'aontú ceadúnais a chur ar fionraí.
4. Más mian leat do sheomra a thabhairt suas go huile agus go hiomlán, scaoilfimid thú ó d'aontú ceadúnais. Aisíocfar duit aon chíos atá íoctha agat cheana féin don tréimhse nach bhfuil caite ó do cheadúnas, ón data a bhfágann tú. Beidh ort do chuid giuirléidí go léir a thabhairt leat ón lóistín ar fhágáil an árasáin duit.

Más mian leat cur isteach ar cheann amháin de na roghanna thuas, cuir ríomhphost le do thoil chuig Eber ag mie@eber.life ag cur in iúl cén rogha atá á déanamh agat, agus chun dáta "ar fionraí" nó dáta "fágála" a eagrú.

Ar deireadh, bí foighneach linn agus tuig go dtógfaidh sé roinnt ama gach aisíoc a phróiseáil, mar go bhféadfadh a lán riaracháin a bheith i gceist ag brath ar líon na n-iaratas a bhíonn ann.

Tacaíochtaí do Mhic Léinn

Cé go bhfuil an bhliain ag iompú amach ar bhealach atá difriúil leis an mbealach a raibh súil againn leis, bíodh a fhios agat go bhfuil foireann IOM ag obair chun an taithí is fearr a thabhairt duit agus is féidir linn sna cúinsí ina bhfuilimid. Is féidir leat fós leas a bhaint as an tSeirbhís Chomhairleoireachta (https://www.tcd.ie/Student_Counselling/), an tseirbhís Leighis (<http://dublinfamilydoctor.com/>) agus an tSeirbhís Mhíchumais (déan teagmháil le Louise ag access@mie.ie).

Beidh Oifigeach Rannpháirtíochta na Mac Léinn san Institiúid i dteagmháil faoi ghníomhaíochtaí éagsúla ar líne. Bí ag faire amach do na sonraí a bhaineann leo siúd agus le gníomhaíochtaí eile, ina measc Seachtain na Matamaitice (10 go 18 Deireadh Fómhair), a bheidh á reáchtáil go cianda.

Le dea-ghuí,

Seán

Seán Delaney, PhD
Registrar,
Marino Institute of Education,
Griffith Avenue,
Dublin 9.
D09 R232